

An Luathoideachas agus an Bunoideachas



Nascaithe le Chéile

Áine Ní Thuathail



Níl ar siúl acu ach spraoí amháin!!!!

- Tá an spraoí lárnach i ndul chun cinn an pháiste óg. Is tré mheán an tsúgartha a dhéanann an páiste iontas de chastacht an domhain agus gach iarracht a dhéanamh chun meabhair a bhaint aisti.
- Tá an tuiscint seo den iontas, mar aon le fiosracht nádúrtha an pháiste i gcroílár an phróisis foghlamtha. Tá an spraoí antábhachtach le deis a thabhairt don pháiste bheith mar fheidhmeannach gníomhach ina chuid foghlama féin.




An Ghaeilge





An Teanga Labhartha



Labhairt an Teanga

- Cuirtear béim sa gcuraclam Gaeilge ar scileanna éisteachta agus labhartha a thabhairt chun cinn mar ullmhúchán don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht.
- Tá an teanga riachtanach do fhorbairt sóisialta an pháiste. Teastaíonn teanga breá leathan ó na páistí chun na gnáthriachtanais cumarsáide a chomhlíonadh, caidreamh soisialta a dhéanamh, beannú do dhaoine, aird a lorg, glaoch ar dhuine, buíochas a ghabháil, teachtaireachtaí a ghlacadh 's a thabhairt agus constaiceanna a shárú
- Teastaíonn an teanga ón bpáiste chun a gcuid mothúcháin agus a gcuid smaointe a chur in iúl, áthas/brón/faitíos/fearg/fuacht &rl

Scileanna Teanga a fhorbairt



An Teanga agus an Spraoi

- Tugann am spraoi deis iontach don pháiste teanga a úsáid, a bhfoclóir a mhéadú agus neart scileanna teangeolaíochta a fhorbairt
- Chun scileanna teanga an pháiste a thabhairt chun cinn ní mhór an páiste a spreagadh chun
 - Labhairt
 - Éisteacht
 - Míniú
 - Insint
 - Ceistiú
 - Athinsint



Teanga, Teanga, Teanga!!



- Aisteoireacht - is breá le páistí rólanna daoine difriúla a imirt, is mise an dochtúr/an siopadóir/an múinteoir &rl
- Ba chóir neart cainte a dhéanamh i rith súgradh le bréagáin, le gléasadh suas, le uisce agus gaineamh, le cruthanna, dathanna agus i rith am ealaíne
- Cluichí ar nós snap, bingo agus míreanna mearaí
- Ag éisteacht le hábhair taifeadta agus leis an treoraí ag insint scéalta agus ag tabhairt treoracha chun cluichí a imirt agus chun gníomhachtaí éagsúla a dhéanamh
- Am scéalaíochta - scéalta a athinsint arís 's arís, tomhais céard atá chun tarlú, cén páirt den scéal ab fhearr leat, tarraing pictiúr den scéal
- Rannta agus rímeanna - na páistí a chur ag canadh, ag damhsa, ag déanamh na gníomhachtaí a théann leis an t-amhrán

An Léitheoireacht





Léitheoireacht


- Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste
 - Léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht le scéalta, dánta, amhráin agus rímeanna
 - Feidhmiú mar léitheoir tré leabhair a láimhseáil agus féachaint tríothu
 - Taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra agus a thuiscint go bhfuil brí leis
 - An ceangal idir na fuaimeanna agus litreacha scríofa a aithint
 - Litreacha na haibítire a aithint agus a ainmniú
 - Stór de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile
 - Tús a chur le léitheoireacht na leabhair ranga

Ag ullmhú don léitheoireacht



Ag Ullmhú don léitheoireacht

- Teanga, teanga agus tuilleadh teanga....
- Clár cuimsitheach réamhleitheoireachta a leanúint
- Cothaíonn am scéalaíochta grá do leabhair agus suim sa léitheoireacht, bíodh réimse leathan leabhair ar fáil agus bíodh neart deiseanna ag na páistí breith ar na leabhair, iad a léamh agus iad a phlé
- Tug aird ar an mbealach a léann tú an leabhar - á láimhseáil i gceart, ag dul ó leathanach go leathanach, ag cur do mhéar faoi na bhfocail agus tú ag léamh ó chlé go deas
- Úsáid a bhaint as
 - Pictiúir leabhair
 - Cluichí meaitseála
 - Pictiúir a chur in ord
 - Luaschártaí ar faid an tseomra, lipéidí ar nós an cófra, an bord, an doras



An Scríbhneoireacht



An Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- Cleachtaí peannaireachta a dhéanamh le huirlisí scríbhneoireachta - criáin, pinnluidhe agus scuabanna peinteála
- Foghlaim chun na bunlitreacha aonaireacha a ainmniú agus a scríobh
- Tuiscint a fháil ar clé/deas agus barr/bun
- A (h)ainm féin a scríobh
- Litreacha agus focail a chóipeáil mar ghníomhachtaí ranga

Ag Ullmhú don Scríbhneoireacht

- Ag spraoi le bréagáin tógála (ag cur le chéile, ag leagan, ag aththógáil)
- Ag spraoi le babóga - cnaipí, sipeanna, barriallacha
- Ag láimhseáil bogabhair ar nós márla (ag brú, ag rollú, ag tarraingt)
- Ag peinteáil
- Ag straiiceadh agus ag greamú páipéir nuachtáin agus irisleabhair
- Ag spraoi le gaineamh agus uisce





An Scríbhneoireacht



- Níl múinteoirí bunscoile ag súil go mbeadh sé ar chumas an pháiste a bheith ábalta scríobh nuair a thagann sé ar scoil ar dtús. Tá sé i bhfad níos tábhachtaí go dtugtar neart deiseanna don pháiste na matáin a laidriú sna lámha. Déanann sé seo i bhfad níos éasca don pháiste máistreacht a fháil ar an scríbhneoireacht nuair atá siad ar scoil



Matamatic



Mata

- Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste
- Luathghníomhachtaí matamaiticiúla - meaitseáil, rangú, comparáid agus cur in ord.
- Uimhreas - comhaireamh (1-10), comparáid (tacair 1 - 5), anailís uimhris (cónascadh, foroinnt, uimhriú)
- Ailgéabar - pátrúin a fhorleathnú
- Cruth agus Spás - cruthanna 2T agus 3T
- Tomhais - fad, meachán, toilleadh, am, airgead
- Sonraí - sonraí a aithint agus a léirmhíniú

Ullmhúchán don mata

- Luathghníomhachtaí matamaiticiúla
 - **Meitseáil** (stoca le stoca, cupán le fó chupán)
 - **Ag rangú** (ábhair cosúla a rangú de réir dath, cruth, ainmhí, éin &rl)
 - **Comparáid** (de réir fad, leithead, airde, méid, m.sh An Trí Bhéar)
 - **Cur in ord** (ábhair a chur in ord de réir fad nó airde)

ar lean

- Uimhreas

- Ag comhaireamh (rímeanna agus scéalta uimhris a úsáid m.sh cúigear fear ag tógáil tí)

- Ailgéabar

- Pátrúin a fhorleathnú, pátrúin i ndath, i gcruth agus i méid a aithint. Leanacht leis an bpatrún ag úsáid raon de rudaí, ciúbanna príondáil, cruthanna &rl

ar lean

- **Cruth agus Spás**

- An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásula a phlé, thar, faoi, suas, síos, ar, in aice
- Treonna , ag gluaiseacht i línte díreacha/cuara/i gciorcail
- Cruthanna 3T a shortáil, rudaí a rollann/nach rollann, a luíonn/nach luíonn le chéile, tógálacha a dhéanamh le cruthanna 3T, m.sh robot a dhéanamh as sorcóirí (Páipéir leithris) agus cúibóideacha (boscaí calóga arbhair)
- Cruthanna 2T , cearnóg, ciorcail, triantán, dronuilleog a aithint agus a úsáid i bpictiúir agus i bpatrúin

ar lean

- Tomhais

- Fad:- fada/gearr, árd/íseal, leathan/caol
- Meáchan:- trom/éadrom
- Toilleadh:- lán/folamh
- Am:- maidin/tráthnóna, lá/oíche, am lón, am codlata, laethanta na seachtaine, inné/inniu/amárach
- Airgead:- boinn airgid a aithint suas go dtí 5 cent

ar lean

- **Sonraí**

- Tacair de rudaí a shortáil agus a rangú de réir critéir amháin - cruth, dath, méid &rl
- Tacair de shonraí simplí matamaticíúla a léiriú ag úsáid ábhair agus pictiúir